

TURAS MHC DARA

An 16adh lá déag de mhí Iúil lá fhéile Mhic Dara. Tá siad i bhfad agus i ngearr a' tigheacht an lá sin a' tabhairt turais d'Oileán Mhic Dara.

Tá an tobar, Tobar Mhic Dara, ó thuaidh den tséipéal. Tosuighítear an turas ag an altóir atá ó dheas den tséipéal a dhul seacht n-uaire timcheall ar an ar an altóir agus na paidreacha a rádh; an Phaidir, an Abhé Mairia agus an Chré; a dhul ag an teampull annsin agus an rud céadhna a dhéanamh, a dhul go dtí an roilig annsin agus an rud céadhna a dhéanamh; ag an tobar annsin. Tagann formhór na ndaoine annsin ar ais go Leabaidh Mhic Dara agus abruigheann siad urnuighthe annsin ar deire. Tá an turas críochnuighthe annsin acab.

Tá an leabaidh ag binn thoir an teampuill. Tá an leabaidh idir an leac agus binn an teampuill. Sin é an áit a bhfuil an naomh curtha.

Nuair a bhíonnas turas dhá dhéanamh ag duine sé is gnás a dhéanamh seacht gcinn de chlocha beaga a thógáil ina láimh. Caitheann sé cloch uaidh nuair a bhíonnas timcheall déanta aige, agus mar sin go mbeidh seacht n-uaire déanta aige ag chuile stáisiún.

Tagann na báid as Arainn ann, agus as Casla, in aice leis an gCeathramha Rua; as an Aill Bhreac, aniar ó lorrus Mór; as Cloch na Rón; as Caiseal, as Cill Chiaráin agus Rosmuc. Chonaic mé blianta agus ba gheall le coill na crainnte bád ann, gan cainnt ar bháid iomartha. Níor eirigh aon timpiste d'aon fhear ariamh ann gur hathruigheadh an turas go Muigh-inis an lá sin. Orduigheadh do na daoine thigheacht go Muigh-inis. Báthadh ochtmhar i Muigh-inis ar an lá sin. Tugadh an turas ar ais go hOileán Mhic Dara agus is ann atá sé ó shoin.

Cuid de chúrsaí an turais braon d'uisge an tobair a ól --- lán spúnóige, agus braon a chuimilt de áit a ar bith a mbíonn pian ann.